**Preasráiteas**
Dé Luain, an 25 Samhain 2024

**Faomhadh tugtha do scéimeanna Taisteal Gníomhach €5.4m i mBaile Átha an Rí agus i dTuaim**

Tá conarthaí sínithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le SYSTRA Ltd. chun dhá mhórscéim nua Taisteal Gníomhach a cheapadh i mBaile Átha an Rí agus i dTuaim.

Arna maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA), éascóidh na scéimeanna seo - infrastruchtúr siúil agus rothaíochta nua feabhsaithe chomh maith le bearta maolaithe tráchta sna bailte a cheapadh.

Clúdóidh an scéim €2.9m Taisteal Gníomhach atá beartaithe do Bhaile Átha an Rí an gréasán bóithre ó Eaglais Bhaile Átha an Rí go Bóthar Thuama, trí Bhóthar an Stáisiúin. Áiríonn an tionscadal soláthar nasc Taisteal Gníomhach 1.3km idir tuaisceart agus deisceart an iarnróid chun nascacht le lár an bhaile a fheabhsú do chónaitheoirí breis agus 1000 teach.

Áirítear sa scéim freisin raonta rothar nua agus uasghrádú ar chosáin reatha feadh Bhóthar Thuama, Bhóthar an Stáisiúin agus Shráid na hEaglaise, chomh maith le huasghrádú ar chrosairí reatha agus soláthar trasrianta nua feadh na scéime, tabhairt isteach bearta maolaithe tráchta ar Shráid na hEaglaise, agus oibreacha uasghrádaithe ar Acomhal na Líne Nua agus ar an gcrosaire comhréidh ar Shráid na hEaglaise.

Déanfar forbairt ar Scéim Taisteal Gníomhach €2.5m Bhóthar Bhaile Átha Cliath i dTuaim idir Sráid an Bhiocáire agus Fearas Spóirt CLG Réaltaí Thuama ar an R332 Bóthar Bhaile Átha Cliath.

Tá sé beartaithe leis an scéim seo 1.2km de bhonneagar rothaíochta a sholáthar feadh an bhealaigh, bearta maolaithe tráchta, nascacht fheabhsaithe do choisithe agus do rothair trasna acomhail atá ann cheana féin, feabhsúcháin ar bhonneagar coisithe agus pointí trasnaithe atá ann cheana féin, pointí trasnaithe nua a chur leis, agus sráid scoile a chuimsiú idir Sráid an Bhiocáire agus Bóthar Frank Stockwell chun rochtain ar na scoileanna a fheabhsú.

Déanfar comhairliúchán poiblí de réir mar a thagann forbairt ar dhearadh an dá scéim. Cuirfear fáilte roimh ionchur an phobail, scoileanna áitiúla, cónaitheoirí agus gnólachtaí. Déanfaidh an Chomhairle na comhairliúcháin seo a fhógairt in am trátha. Áireofar sna céimeanna ina dhiaidh sin próisis reachtúla, tairiscintí le haghaidh tógáil na n-oibreacha, agus seachadadh ar an talamh.

Dúirt **an Comhairleoir Ollie Turner, Leaschathaoirleach Chontae na Gaillimhe**, "Bhíothas ag súil go fonnmhar le fógra maidir le dul chun cinn na scéimeanna molta seo ag muintir Bhaile Átha an Rí agus Thuama a bheidh thar a bheith sásta a chloisteáil gur féidir tús a chur le hobair ar chéim deartha na dtionscadal faoi dheireadh."

Dúirt **Liam Conneally, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe**, "Ag obair go dlúth leis an NTA, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta do dhá scéim a chur ar fáil a spreagfaidh comaitéirí agus cónaitheoirí Bhaile Átha an Rí agus Thuama le modhanna eile iompair a úsáid."

"Tá méadú tagtha ar dhaonra Bhaile Átha an Rí agus Tuaim le blianta beaga anuas, rud a d'fhág go raibh brú tráchta breise ann, go háirithe le linn buaicthréimhsí. Tá tabhairt isteach sain-áiseanna rothaíochta agus bearta maolaithe tráchta ríthábhachtach chun sábháilteacht bóithre feabhsaithe a chinntiú agus chun daoine a spreagadh le smaoineamh ar rothaíocht chun na hoibre nó na scoile. Tréaslaím leis an bhfoireann Taisteal Gníomhach i gComhairle Chontae na Gaillimhe as a gcuid oibre maidir le bonneagar riachtanach den sórt sin a sheachadadh."

Dar le h**Uinsinn Finn, Stiúrthóir Seirbhísí le Comhairle Chontae na Gaillimhe**, "Tá an Comhairleoir Dearaidh, SYSTRA Ltd. ceaptha chun na scéimeanna a thabhairt trí na céimeanna Réamhcheaptha agus Pleanála de sheachadadh an tionscadail. Faoi réir próisis reachtúla, meastar go gcuirfear tús le tógáil an dá scéim le linn an dara leath de 2026."

"Tá tabhairt isteach sain-áiseanna rothaíochta, cosáin leathnaithe, agus trasrianta coisithe nua agus uasghrádaithe ag teacht le Clár Taistil Gníomhach an NTA, a bhfuil sé mar aidhm aige an bonneagar siúil agus rothaíochta a fheabhsú ionas go mbeidh siúl, rothaíocht agus iompar poiblí freagrach as 50% de na turais go léir a dhéantar faoi 2030," a chríochnaigh an tUasal Finn.

**Grianghraif:**



**Tuaim** - Sa phictiúr nuair a síníodh an conradh don Scéim Taisteal Gníomhach Bhóthar Bhaile Átha Cliath €2.5m i dTuaim; Ar chúl clé-deis Donna Gibbons (Bainisteoir Tionscadail), Rachel Lowe (Innealtóir Sinsearach) agus Uinsinn Finn (Stiúrthóir Seirbhísí) ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe; Chun tosaigh clé-deis Liam Conneally (Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae na Gaillimhe), An Comh. Ollie Turner (Leaschathaoirleach Chontae na Gaillimhe); agus Arantxa Martinez-Peral agus Alan Milton (Systra Ltd). Tugtar aitheantas do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.



**Baile Átha an Rí** - phictiúr ag síniú an chonartha don scéim €2.9m Taisteal Gníomhach atá beartaithe do Bhaile Átha an Rí; Ar chúl clé-deis Rachel Lowe (Innealtóir Sinsearach) agus Uinsinn Finn (Stiúrthóir Seirbhísí) ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe; Chun tosaigh clé-deis Chun tosaigh clé-deis Kasia Garvey (Bainisteoir Tionscadail), Liam Conneally (Príomhfheidhmeannach. Comhairle Chontae na Gaillimhe), An Clr. Ollie Turner (Leaschathaoirleach Chontae na Gaillimhe); agus Arantxa Martinez-Peral agus Alan Milton (Systra Ltd). Tugtar aitheantas do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.